Reilig sa ghairdín

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin fhéidearthacht reilig a bheith ar thalamh phríobháideach. Féach ar an tuairisc cúpla uair agus pléigh féin agus an duine in aice leat na ráitis seo. Ansin abair an bhfuil siad fíor nó bréagach.

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Is é an moladh atá i gceist ná go dtabharfar cead do theaghlaigh daoine muinteartha leo a adhlacadh ar a dtalamh féin.	
2. Is í Comhairle Contae Chiarraí atá ag iarraidh na rialacha a bhaineann le duine a chur a athrú.	
3. Is í an Roinn Sláinte agus na húdaráis áitiúla atá freagrach as na rialacha a bhaineann le hadhlacadh duine.	
4. Maíonn James Breen go laghdódh an moladh seo an fhadhb a bhaineann le heaspa spáis atá ann faoi láthair do reiligí.	
5. Deir an Roinn Sláinte go gcaithfear an duine a chur in aice le foinsí uisce.	
6. Deir an Roinn Sláinte go mbeadh impleachtaí ann dá mbeadh corp le cur a bhfuair bás de bharr galar tógálach.	
7. Chuir an rialtas 20 bliain ó shin rialacha ag baint leis an ábhar seo i bhfeidhm.	

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc arís. Bhí an leagan Gaeilge de na frásaí seo le cloisteáil inti. An féidir leat iad a aimsiú?

1. rules are in place
2. on their own land
3. local authorities
4. support
5. responsibility
6. burial site
7. contagious disease

Ceist 3 '…*go bhféadfaí* agus *cuireadh*…'

(a) Léigh féin agus an duine in aice leat an sliocht seo ón script agus cuirigí líne faoi gach briathar atá le fáil ann.

Dúirt an Comhairleoir Breen dá dtabharfaí cead a leithéid a dhéanamh go mbainfeadh sé an brú de reiligí ar fud na tíre atá faoi bhrú easpa spáis cheana féin. Má fhaigheann an moladh tacaíocht, is faoin Aire Sláinte a bheidh an cinneadh, a deir sé. I ráiteas ón Roinn Sláinte tráthnóna, dúradar go dtiteann freagracht reiligí ar an Roinn Comhshaoil ach dúradar go gcaithfeadh aon suíomh adhlactha a bheith in áit nach mbeadh baol truaillithe d'fhoinsí uisce agus go bhféadfaí impleachtaí a bheith ann dá mbeadh corp le cur ina bhfuair an duine bás de bharr galar tógálach.

(b) Scríobh amach fréamh an bhriathair agus aon eolas eile atá ar eolas agat faoi. Féach ar an sampla seo:

<u>Dúirt</u>
Fréamh an bhriathair: deir
Eolas: An aimsir chaite, an tríú pearsa uatha.

Ceist 4 '…*adhlacadh*…'

(a) Cén Ghaeilge atá agat féin ar na focail Bhéarla seo:

wake, funeral, cemetery

(b) An bhfuil aon leagan eile ar eolas agat?

(c) Bain úsáid as an dá bhriathar 'adhlaic' agus 'cuir' chun na habairtí seo a aistriú: *He was buried this morning at 11am / She'll be buried tomorrow in the evening*

(d) Cén Ghaeilge atá ar na focail seo a leanas: *to cremate, hearse, coffin*

Ceist 5 Pléigh an topaic seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

'Is moladh maith é cead a thabhairt do theaghlaigh a ndaoine muinteartha a chur ar a dtalamh féin'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Is é an moladh atá i gceist ná go dtabharfar cead do theaghlaigh daoine muinteartha leo a adhlacadh ar a dtalamh féin.	*Fíor*
2. Is í Comhairle Contae Chiarraí atá ag iarraidh na rialacha a bhaineann le duine a chur a athrú.	*Bréagach*
3. Is í an Roinn Sláinte agus na húdaráis áitiúla atá freagrach as na rialacha a bhaineann le hadhlacadh duine.	*Bréagach*
4. Maíonn James Breen go laghdódh an moladh seo an fhadhb a bhaineann le heaspa spáis atá ann faoi láthair do reiligí.	*Fíor*
5. Deir an Roinn Sláinte go gcaithfear an duine a chur in aice le foinsí uisce.	*Bréagach*
6. Deir an Roinn Sláinte go mbeadh impleachtaí ann dá mbeadh corp le cur a bhfuair bás de bharr galar tógálach.	*Fíor*
7. Chuir an rialtas 20 bliain ó shin rialacha ag baint leis an ábhar seo i bhfeidhm.	*Bréagach*

Ceist 2

1. rules are in place – *tá rialacha i bhfeidhm*
2. on their own land – *ar a dtalamh féin*
3. local authorities – *údaráis áitiúla*
4. support – *tacaíocht*
5. responsibility – *freagracht*
6. burial site – *suíomh adhlactha*
7. contagious disease – *galar tógálach*

Ceist 3 (a)

Dúirt an comhairleoir Breen dá dtabharfaí cead a leithéid a dhéanamh go mbainfeadh sé an brú de reiligí ar fud na tíre atá faoi bhrú easpa spáis cheana féin. Má fhaigheann an moladh tacaíocht is faoin Aire Sláinte a bheidh an cinneadh, a deir sé. I ráiteas ón Roinn Sláinte tráthnóna, dúradar go dtiteann freagracht reiligí ar an Roinn Comhshaoil, ach dúradar go gcaithfeadh aon suíomh adhlactha a bheith in áit nach mbeadh baol truaillithe d'fhoinsí uisce agus go bhféadfaí impleachtaí a bheith ann dá mbeadh corp le cur ina bhfuair an duine bás de bharr galar tógálach.

Ceist 3 (b)
dá dtabharfaí
Fréamh: tabhair
Eolas: modh coinníollach, briathar saoir, urú tar éis ‘dá’

a dhéanamh
Fréamh: déan
Eolas: an t-ainm briathartha

go mbainfeadh
Fréamh: bain
Eolas: modh coinníollach, tríú pearsa, urú tar éis ‘go’

Má fhaigheann
Fréamh: faigh
Eolas: aimsir láithreach a thagann tar éis ‘má’, leanann séimhiú ‘má’ chomh maith

bheidh
Fréamh: bí
Eolas: aimsir fháistineach, tríú pearsa

a deir
Fréamh: abair
Eolas: aimsir láithreach, tríú pearsa

dúradar
Fréamh: abair
Eolas: aimsir chaite, tríú pearsa iolra, ‘dúirt siad’

go dtiteann
Fréamh: tit
Eolas: aimsir láithreach, tríú pearsa, leanann urú ‘go’

dúradar
Fréamh: abair
Eolas: aimsir chaite, tríú pearsa iolra, ‘dúirt siad’

go gcaithfeadh
Fréamh: caith
Eolas: modh coinníollach, tríú pearsa, leanann urú ‘go’

a bheith
Fréamh: bí
Eolas: an t-ainm briathartha

nach mbeadh
Fréamh: bí
Eolas: modh coinníollach, tríú pearsa, leanann urú ‘nach’

go bhféadfaí
Fréamh: féad
Eolas: modh coinníollach, an briathar saor, leanann urú ‘go’

a bheith
Fréamh: bí
Eolas: an t-ainm briathartha

dá mbeadh
Fréamh: bí
Eolas: modh coinníollach, tríú pearsa, leanann urú ‘dá’

cur
Fréamh: cuir
Eolas: an t-ainm briathartha
ina bhfuair
Fréamh: faigh
Eolas: an aimsir chaite, an clásal coibhneasta indíreach

Ceist 4
(a) agus (b)
wake – tórramh / faire
funeral – sochraid / tórramh
cemetery – reilig / úirleachas
(c) *He was buried this morning at 11am – cuireadh / adhlacadh é ar a haon déag ar maidin*
She’ll be buried tomorrow in the evening – cuirfear / adhlacfar í tráthnóna amárach
(d) *to cremate - créam, hearse – cóiste marbh, coffin – cónra.*

Ceist 5
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá moladh le plé ag Comhairle Contae an Chláir[i] tráthnóna go dtabharfaí cead do theaghlaigh a ndaoine muinteartha a adhlacadh ar a dtalamh féin[ii] seachas i reilig. Tá rialacha i bhfeidhm faoi láthair maidir leis na háiteanna a bhfuil sé ceadaithe corp a chur. Ach deir Comhairleoir i gContae an Chláir go bhfuil sé in am na rialacha sin a athrú le go bhféadfadh feirmeoirí nó daoine a bhfuil talamh acu a ndaoine[iii] a chur ina gcuid talún féin.

Tomás Ó Mainnín
Faoi láthair tá rialacha i bhfeidhm faoin Roinn Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla maidir le cén áit gur féidir corp a chur. Ach tráthnóna tá an Comhairleoir James Breen chun moladh a chur roimh Chomhairle Contae an Chláir[iv] go dtabharfaí cead do dhaoine a ndaoine muinteartha féin a chur ar a dtalamh féin.

Dúirt an comhairleoir Breen dá dtabharfaí cead a leithéid a dhéanamh go mbainfeadh sé an brú de reiligí ar fud na tíre atá faoi bhrú easpa spáis cheana féin. Má fhaigheann an moladh tacaíocht is faoin Aire Sláinte a bheidh an cinneadh, a deir sé. I ráiteas ón Roinn Sláinte tráthnóna, dúradar go dtiteann freagracht reiligí ar an Roinn Comhshaoil ach dúradar go gcaithfeadh aon suíomh adhlactha a bheith in áit nach mbeadh baol truaillithe d'fhoinsí uisce agus go bhféadfaí impleachtaí a bheith ann dá mbeadh corp le cur ina bhfuair an duine bás de bharr galar tógálach. Cé gur cuireadh a leithéid de mholadh os comhar an rialtais nach mór fiche bliain ó shin, dhiúltaigh an tAire Sláinte ag an am na rialacha a athrú. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i gContae an Chláir.

[i] *Comhairle Chontae an Chláir* a deirtear
[ii] *Féinig* a deirtear sa chaint i gcanúint na Mumhan
[iii] *a nduine* a deirtear
[iv] *Comhairle Chontae an Chláir* a deirtear